

Aighneacht maidir le Díolúine ón nGaeilge

Réamhrá

De bharr nach dtugtar mórán deis chun eolas ceart a thabhairt sa cheistneoir atá cruthaithe aguibh maidir leis an gcóras díolúine ón nGaeilge tá orainn an aighneacht seo a chur isteach. Tá géarghá leis an gcóras díolúine a athrú. Tá sé léirithe in Imlíne 18/79 'tá clár na bunscoile sa Ghaeilge leagtha amach chun freastal ar riachtanais fhoghlama raon daltaí a bhfuil éagsúlachtaí móra eatarthu. Cleachtar modhanna spreagúla teagaisc a bhíonn bunaithe ar an ngníomhaíocht agus is ar an gcaint agus ar an gcaidreamh a bhíonn an bhéim go príomha. Mar sin, ní ceart go dtiocfadh díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge i gceist ach go hannamh agus i gcásanna eisceachtúla.' Ach is léir go bhfuil níos mó díolúine á thabhairt ná riamh. De réir *Páipéar Comhairliúcháin - Treo An Pholasáí Sa Todhchaí Maidir Le Díolúintí ó Staidéar ar an nGaeilge* 'Níor ghlac tuairim is 15% (8496) d'iarrthóirí an Ghaeilge sa Teastas Sóisearach in 2016' agus 'Níor ghlac suas le 13% (7713) d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta an Ghaeilge san Ardteistiméireacht in 2016'. Freisin sa pháipéar comhairliúcháin céanna 'i gcás athrollú scoláirí tar éis tréimhse neamhláithreachta agus i gcásanna nár múineadh an Ghaeilge, mar shampla oideachas sa bhaile. Léirigh na cás-staidéar gur deonaíodh go mícheart nó go raibh easpa faisnéise ábhartha ag tacú le dhá chúigiú cuid (40%) de na díolúintí a deonaíodh (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna). Tá gá mar sin an córas a athrú ina iomláine agus a bheith níos déine i dtaobh díolúine a thabhairt amach dá bharr.

Díolúine - éagóir ar an dalta

Tríd díolúine a thabhairt don dalta tá tú ag déanamh imeallú ar an dalta nuair nach gá. Caithfear an dalta a scar óna chéile go fisiciúil óna gcomhdaltaí chun an díolúine a chur i bhfeidhm. Tugann sé seo teachtaireacht 'níl tú maith go leor le bheith leis na daltaí eile'. Tá tú ag diúltú d'oidhreacht náisiúnta an dalta á imeallú é nó í ón tsochaí go praiticiúil. Ní amháin sin ach tá tú ag teorannú deiseanna fostaíochta agus oideachas an dalta sa todhchaí. Ní féidir leo a bheith mar mhúinteoir bunscoile, múinteoir meánscoile Gaeilge, léachtóir Gaeilge, aistritheoir san Eoraip, srl. Is Stát dátheangach an Stát seo, mar sin ba chóir go mbeidh sé mar aidhm an dátheangachas a thabhairt do gach dalta.

Díolúine ar an nGaeilge - laghdú stádas don nGaeilge

Is í an Ghaeilge an t-aon ábhar a thugtar díolúine dó. Léiríonn sé sin do na daltaí nach bhfuil tábhacht faoi leith leis an teanga, ie gur féidir maireachtáil sa tsochaí gan é. Bí cinnte go bhfuil an córas díolúine á úsáid mar chúldoras chun an Ghaeilge a dhéanamh mar ábhar roghnach. Is croí-ábhar í an Ghaeilge agus caithfear a chinntiú go bhfanann sé mar sin agus na díolúintí á thabhairt. Mar sin tá gá leis an gcaighdeán is airde a thabhairt isteach maidir le díolúine.

Mí-úsáid an córas díolúine

Cé go mbeidh cúinsí faoi leith ann nach mbeidh dalta in ann Gaeilge a dhéanamh, ach a bhéas in ann teanga eachtrannach a dhéanamh, mar shampla dalta a bhí ina chónaí i dtír a raibh an teanga eachtrach sin á labhairt, i go leor de na cásanna díolúine a rinne teanga eachtrannach ní mar sin atá an fáth go fuair siad an díolúine. Má tá fadhbanna foghlamtha ag an dalta ar nós disléicse, ní chóir go mbeidh sé nó sí ceadaithe teanga eachtrach a dhéanamh dá bharr.

Ní chuidíonn an Roinn leis an mí-úsáid iad féin nuair atá coinníoll ann ar nós 'strus agus imní an fhoghlaiméora a chuirtear i leith fhoghlaim na Gaeilge' nach bhfuil aon bhunús eolaíoch air. Mar sin tá gá fáil réidh leis an coinníoll sin dá bharr.

Tacaíocht seachas díolúine

Creideann Conradh na Gaeilge ba chóir go mbeidh an deis ag gach duine an Ghaeilge a fhoghlaim, go háirithe an duine óg. Seachas an fhadhb a sheachaint, nach b'fhearr dul i ngleic leis an fhadhb ar mhaithe oideachais an páiste. Tá gá leis an gcóras a athrú chun díriú ar riachtanais aonarach foghlamtha an dalta. Bíonn ceithre scil cumarsáide i gceist le teanga a fhoghlaim, éisteacht, caint, léamh agus scríobh. Tá gá leis an *gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha* a thabhairt isteach, sé sin go ndéantar measúnú rialta ar na 4 scil cumarsáide chun feiceáil cén leibhéal atá an dalta ag. Bíonn gá an Ghaeilge a múineadh i mbealach faoi leith do gach dalta dá réir. Tá an ré go múintear an t-ábhar sa slí chéanna do 20 nó 25 dalta i seomra ranga thart. Dar ndóigh an aidhm a ba chóir a bheith ann go mbeidh gach dalta ag teacht go dtí an leibhéal céanna foghlamtha sa siollabas. Mar sin tá gá múineadh ag leibhéal foghlamtha an páiste sna ceithre scil sin. Dá bharr sin tá gá go mbeidh iniúchadh ceart déanta ag an síceolaí ar na ceithre scil chumarsáide le feiceáil cén leibhéal foghlamtha atá an páiste chun breis tacaíochtaí a thabhairt don dalta chun teacht suas go leibhéal foghlamtha a c(h)omhdaltaí. Tá gá le measúnú rialta a dhéanamh chun feiceáil an bhfuil siad ag feabhsú. Mura bhfuil feabhas ag teacht ar leibhéal foghlamtha an dalta is b'fhiú dul go síceolaí arís le dearbhú nach féidir feabhas a dhéanamh ar an scil cumarsáide sin. Nuair atá sin dearbhaithe, b'fhiú córas cúiteamh a thabhairt don dalta sin. Mar shampla, má tá siad lag i dtaobh scríbhneoireachta de, is féidir breis marcanna a thabhairt do na scileanna cumarsáide eile, ie éisteacht, caint agus léamh chun cinntiú nach bhfuil siad ar mhíbhuntáiste de bharr a riachtanas oideachais.

Brú ar Phríomhoidí

Tá sé feicthe go bhfuil i gceist sa chiorcláin nua go mbeidh sé suas don bpríomhoide seachas síceolaí an díolúine a cheadú ar fhadhbanna foghlamtha. Sa chéad dul síos níl an cháilíocht sin ag an bpríomhoide le measúnú a dhéanamh ar an dalta an bhfuil disléicse acu mar shampla. Ní féidir ach síceolaí é sin a dhéanamh. Sa dara dul síos beidh an-brú curtha ar na príomhoidí ó na tuismitheoirí díolúine a thabhairt don bpáiste. Níl sé cothrom go mbeidh an cinneadh á dhéanamh ag an bpríomhoide. Ní chóir go mbeidh ról an príomhoide ach ag bailiú fianaise agus é a sheoladh ar aghaidh go dtí an Roinn Oideachais. Ba chóir go mbeidh an Roinn Oideachais ag déanamh an

cinneadh de réir mar a fhaigheann siad an fhianaise. Nuair atá an cinneadh déanta ba chóir an Teastas Díolúine nó Treoracha Tacaíochta a sheoladh chuig an bpríomhoide, ionas go mbeidh an t-eolas sin faoi chúram an príomhoide. Mar sin ní bhíonn na tuismitheoirí in ann brú a chur chun cinneadh atá uathu a fháil agus go mbíonn an t-eolas uilig.

Daltaí atá ag teacht ón Tuaisceart nó thar lear

De bharr nach mbeidh Gaeilge foghlamtha ag an dalta agus é nó í sa chóras oideachais sa Tuaisceart nó thar lear is fiú breis tacaíocht a thabhairt don dalta sin. Cuidíonn an *Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha* le leibhéal foghlamtha an dalta a chumasú mar go leantar próiseas faoi leith gur féidir leis an dalta sin teacht suas go leibhéal a c(h)omhdaltaí. Mura bhfuil Gaeilge ar bith ag an dalta tosóidh siad ar Bhonnleibhéal 1. Beidh gá le breis ranganna don dalta sin má tá siad chun teacht suas go comhleibhéal gach dalta eile. Nuair atá an córas seo i bhfeidhm is fiú monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh tapa a thógann sé ar an dalta an cumas a bhaint amach. Beidh seo mar chuidiú sa todhcháil le feiceáil an bhfuil a dhóthain tacaíochtaí á dtabhairt don dalta.

Taifead an dalta

Ba chóir go mbeidh na measúnuithe agus cinntí i dtaobh díolúine agus treoracha tacaíochta agus aon ábhar eile a bhaineann á choinneáil i gcomhad ag an bpríomhoide ag comhlíonadh Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Nuair atá an dalta ag bogadh ón gcéad leibhéal go dtí an dara leibhéal dá chuid oideachais nó má bhogann an dalta, tá gá ansin don bpríomhoide cóip den gcomhad a sheoladh go dtí an príomhoide eile a bhéas ag an dalta agus é nó í ag tosú sa scoil. Arís tá gá le cúrsaí RGCS a thógáil san áireamh le seo. Tá sé tábhachtach go ndéantar é seo chun leanúnachas a choinneáil agus nach bhfuil gá dul ar ais go síceolaí chun measúnú eile agus go bhfuil fios ag an bpríomhoide cén stad foghlamtha atá ag an dalta.

An Fhionlainn - sampla le leanúint

San ailt seo <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC4624816/> léirítear an bealach a deileáil le daltaí a bhfuil disléicse orthu. Mar shampla tá institiúid faoi leith a dhéanann taighde ar disléicse acu 'The Jyväskylä Longitudinal Study of Dyslexia Funded by the Academy of Finland and designated a Centre of Excellence for the initial 12 years, the JLD is a longitudinal study of 100 children at risk for developmental dyslexia and 100 age-matched peers with no known familial history of reading difficulties'. Is féidir freisin tuar a thabhairt ar cén chaoi a bhainfidh an dalta líofacht amach trí córas RAN 'Rapid Automated Naming of pictured objects, colors, letters and numbers by normal children.' Tá gá breathnú ar eolas litreacha an dalta agus feasacht fóineolaíochta freisin chun tuar cruinn a fháil. Tá clár ríomhaireachta acu a chuidíonn leis an páiste léitheoireacht a bhaint amach a ghlaonn siad *GraphoGame*. Moltar do na tuismitheoirí an clár sin a úsáid roimh a thosaíonn an páiste ar scoil má aithnítear disléicse orthu agus é a úsáid sa bhreis ar na ranganna léitheoireachta sa scoil nuair a thosaíonn ionas nach bhfuil siad taobh thiar dá

gcuid comhdaltaí eile ar an leibhéal foghlamtha. Is féidir níos mó eolas a fháil ar *GraphoGame* ar <https://www.graphogame.com/>.

An Eoraip i gcoitinne

Bhreathnaíomar ar na córas oideachais timpeall na hEorpa. An claonadh atá i bhformhór na tíortha ná tacaíocht breise a thabhairt don dalta seachas díolúine. Tá sé mar pholasaí an Aontas Eorpaigh go mbeidh máthair teanga agus 2 teanga breise ar sin ag gach dalta faoi 2025. Tá an t-ádh againn mar sin go bhfuil 2 teanga á mhúineadh don dalta ón gcéad lá scoile go dtí an Ardteist. Cuidíonn sé go mór leis an aidhm sin a bhaint amach. Tá an córas díolúine ag dul ina aghaidh an aidhm sin. Freisin tá Comhairle na hEorpa ag moladh an *Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha* mar chóras eolaíochtúil chun teangacha a mhúineadh. https://ec.europa.eu/education/education-in-the-eu/council-recommendation-improving-teaching-and-learning-languages_en

Conclúid

Mar atá feicthe thuas níl ciall leis an gcóras díolúine agus ba chóir an béim a leagadh ar bhreis tacaíochtaí a thabhairt don dalta. Tá go leor córas le cuidiú le seo ar nós an Creat Eorpach Coitianta <https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-1-cefr-3.3-common-reference-levels-global-scale>. Freisin tá bogearraí léitheoireachta ar nós *GraphoGame* a chuidíonn leis an dalta a chumas léitheoireachta a fheabhsú. Tá gá leis an Roinn an cinneadh a dhéanamh maidir le díolúintí agus tacaíochtaí chun an cuidiú is fearr a thabhairt don dalta agus nach mbeidh brú ar an bpríomhoidí ó na tuismitheoirí díolúine a fháil. Caithfidh an cinneadh a bheith bunaithe ar fhianaise. Tá gá an comhad a choinneáil tríd shaolré oideachais an dalta chun fios is fearr faoi leibhéal foghlamtha chun cinntiú go bhfuil na tacaíochtaí á úsáid go héifeachtach. Táimid ag súil le go tógtar na moltaí seo a thógail san áireamh amach anseo. Táimid ar fáil am ar bith le plé a dhéanamh ar na moltaí sin.